Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**7236/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0169 (COD)**

**VOTE 14**
**INF 58**
**PUBLIC 21**
**CODEC 262**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | – Toradh na vótála<br>– Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce (an chéad léamh)<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis faoi chúiseanna na Comhairle a ullmhú |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

15301/1/19 REV1

dáta an chinnidh ag Coreper, Cuid 1, 20.03.2020 an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | Council of the European Union |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | 2018/0169 (COD) (Document: 15301/1/19 REV1) |
| Voting Rule: | qualified majority |
| Subject: | Regulation of the European Parliament and of the Council on minimum requirements for water reuse (first reading) |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 25 | | 80,25% |
| No | 0 | | 0% |
| Abstain | 2 | | 19,75% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **07/04/2020**

Final result

| Member State | Weighting | Vote | Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|---|---|---|
| BELGIQUE/BELGIË | 2,56 | Yes | LIETUVA | 0,62 | Yes |
| БЪЛГАРИЯ | 1,56 | Yes | LUXEMBOURG | 0,14 | Yes |
| CESKÁ REPUBLIKA | 2,35 | Yes | MAGYARORSZÁG | 2,18 | Yes |
| DANMARK | 1,30 | Yes | MALTA | 0,11 | Yes |
| DEUTSCHLAND | 18,54 | Abstain | NEDERLAND | 3,89 | Yes |
| EESTI | 0,30 | Yes | ÖSTERREICH | 1,98 | Yes |
| ÉIRE/IRELAND | 1,10 | Yes | POLSKA | 8,49 | Yes |
| ΕΛΛΆΔΑ | 2,40 | Yes | PORTUGAL | 2,30 | Yes |
| ESPAÑA | 10,49 | Yes | ROMÂNIA | 4,34 | Yes |
| FRANCE | 14,98 | Yes | SLOVENIJA | 0,47 | Yes |
| HRVATSKA | 0,91 | Yes | SLOVENSKO | 1,22 | Abstain |
| ITALIA | 13,65 | Yes | SUOMI/FINLAND | 1,23 | Yes |
| ΚΎΠΡΟΣ | 0,20 | Yes | SVERIGE | 2,29 | Yes |
| LATVIJA | 0,43 | Yes | ~~UNITED KINGDOM~~ | | Not participating |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**Ráiteas ón nGréig**

1. Tacaíonn an Ghréig leis an "Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce". Ach creat rialála comhtháite cobhsaí a mbeidh glacadh coitianta leis a bhunú ar leibhéal an Aontais, cuideofar go mór chun triomach agus ganntanas uisce – ar dócha dóibh a bheith níos déine feasta mar gheall ar an athrú aeráide – a láimhseáil.

2. Mar sin féin, tá an Ghréig fós den bharúil nach féidir caolú uisce athshlánaithe, ann féin, a mheas mar rogha cóireála uisce, i.e. níor chóir é a bheith de cheart ag oibreoirí gnólachtaí bia ná ag feirmeoirí aon chaolú a dhéanamh ar uisce athshlánaithe d’aon aicme cáilíochta ná é a úsáid ina dhiaidh sin mar aicme cáilíochta níos airde (níos glaine).

3. Tá an Ghréig ar cheann de na Ballstáit a bhfuil creat rialála den sórt sin i bhfeidhm acu cheana ina n-áirítear forálacha is déine fós. Ní gá a rá go bhfuil cosaint sláinte bunriachtanach dúinn agus, dá bhrí sin, forchoimeádaimid an ceart atá againn forálacha breise a ghlacadh agus bearta breise a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim.

**Ráiteas ó Phoblacht na Slóvaice**

Is eol do Phoblacht na Slóvaice go gcaithfidh roinnt de na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar fhadhb an ghanntanais uisce agus na dtriomach mar thoradh ar an athrú aeráide. Mar sin féin, de réir na dtuarascálacha ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, tá tionchar ag an athrú aeráide ar leathadh agus ar iolrú galar, substaintí díobhálacha agus pataiginí éagsúla a tharchuirtear trí uisce, trí bhia, e.g. Salmonella, a mbíonn tionchar acu ar shláinte an daonra. Dá bhrí sin, ní foláir nach gcuirfeadh uisce athúsáidte, agus é á úsáid don uisciú talmhaíochta, sláinte an tomhaltóra deiridh i mbaol ceal critéar cáilíochta uisce neamhleor ó thaobh uisce athúsáidte. Ní mór pé forbairt a tharlóidh amach anseo a chur san áireamh ann freisin.

Le linn na caibidlíochta maidir leis an uisce athúsáidte, d'iarramar arís is arís eile go mbeadh togra uaillmhianach ann maidir leis an gcuspóir feidhmiú éifeachtúil agus comhionann an mhargaidh inmheánaigh (gluaiseacht earraí) a áirithiú trí cheanglais aonfhoirmeacha a fhorchur ar na Ballstáit go léir i dtaca le hathúsáid uisce agus maidir leis an gcuspóir an comhshaol, sláinte an duine agus sláinte ainmhithe a chosaint. Is oth linn nár léiríodh an méid sin sa téacs deiridh.

Is údar díomá dúinn freisin nár ionchorpraíodh an togra maidir le lipéadú éigeantach, rud a mheasaimid a bheith míthreorach don tomhaltóir deiridh agus chuirfeadh cosc ar a cheart chun faisnéise. Tá an méid sin i gcoinne phrionsabal na faisnéise trédhearcaí don tomhaltóir deiridh agus go háirithe i gcoinne grúpaí leochaileacha éagsúla, daoine scothaosta, leanaí, daoine a bhfuil córas laga imdhíonachta acu, mar shampla.

Ar an gcaoi chéanna, níor glacadh lenár moltaí paraiméadair cháilíochta an Rialacháin a dhaingniú maidir le roinnt paraiméadar cáilíochta amhail Salmonella a áireamh. Leagamar béim ar an ardleibhéal cosanta sláinte, cáilíochta bia agus ar chritéir dhiana atá san Iarscríbhinn. San fhoclaíocht atá ann faoi láthair, ní mheasaimid go dtugtar aghaidh ar shláinte an tomhaltóra deiridh go leordhóthanach.

Ag an am céanna, tá forchoimeádais againn maidir le foclaíocht Airteagal 2.2 nach gceadaíonn do Bhallstát iarratas a dhéanamh ar mhaolú ar bhealach neodrach ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na critéir a leagtar amach sa Rialachán. Leis an bhfoclaíocht atá ann faoi láthair, tugtar an iomarca discréide don Choimisiún Eorpach cinneadh a dhéanamh maidir le maolú ar bhonn na gcritéar uile a luaitear sa Rialachán.

I bhfianaise na n-ábhar imní atá againn maidir le sláinte agus bia, ní thig linn glacadh leis an rialachán seo; staonaimid ó vótáil dá bhrí sin.